# Saol na linne seo oidhreacht na chéad ghlúine eile

A mhamó dhil,

Tá súil le Dia agam go bhfuil neart scileanna ríomhaireachta foghlamtha agat san ionad lae faoi seo! Ní magadh ar bith é óir beidh mé ag brath ort!

Idir iontas agus amhras a bhí orm maidin inniu agus ceacht faoin oidhreacht chultúrtha ar bun againn sa rang. Thaispeáin an múinteoir cnuasach béaloidis dúinn a bhfuil fáil air ar líne anois. Cén t-ainm seo a bhí air? Bailiúchán na Scoile, nó na Scoileanna? Ní cuimhin liom go baileach. Ach bheadh a fhios agatsa, a mhamó… Nach raibh dlúthbhaint ag d'athair agus do sheanathair féin leis! Agus sin cúis an ríomhphoist seo chugat.

Cén fáth nár inis tú riamh dom an t-údar a dtugann daoine an leasainm Máire Mhic ort? Cheap mé i gcónaí gurbh fhíoraisteach an leasainm sin. Gan fhios duit féin, a mhamó, tá m'oidhreacht á ceilt agat orm! An samhradh seo caite, nuair a bhíomar le chéile ar an oileáinín amach ó Dubrovnic sa Chróit le cuairt a thabhairt ar an Ríchathaoir Iarainn as an tsraith teilifíse Cluiche na Corónach, d'fhéadfadh sé a bheith ráite agat liom gur ghabha a bhí i do shin-seanathair agus gur sheanchaí mór le rá a bhí i do sheanathair ar a dtugtaí Tomás Mhic an Ghabha.

Cibé cén fáth atá leis, in áit scéal mo mhuintire a fháil uaitse, a mhamó, táim á léamh anois i gcóipleabhair d'atharsa a lámhscríobh sé agus é ina dhalta bunscoile sna tríochaidí. Agus tá siad sin ar fad le feiceáil ag an saol mór anois ar an idirlíon. Nach ait an mac an saol…

Chuir mé an-spéis sa tábhacht a bhíodh leis an ngabha fadó. Creideadh go raibh leigheas aige agus dhéanadh sé briocht ar a dtugtaí Na Naoi nIarann – díreach an rud a chuir ag smaoineamh ar an Ríchathaoir Iarainn mé! Meas tú an bhfaca tú Na Naoi nIarann riamh, a mhamó? Briochtbhráisléad atá ann ar a bhfuil uirlisí beaga déanta as iarann.

Ceist eile agam ort, a mhamó, is é sin ar chuala tusa do sheanathair i mbun scéalaíochta riamh? Má chuala, bíodh geall air go raibh sé ar fheabhas! D'fhág a chuid seanscéalta mo shúile ar leathadh. Nach ionann a lán acu agus eachtraí a d'fheicfeá i scannáin fantaisíochta an lae inniu...

Beimid ag obair le chéile ar líne gan mhoill, a mhamó. D'iarr an múinteoir orainn tabhairt faoinár dtionscadal béaloidis féin, rud a fhágfar mar oidhreacht ag na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh, agus TUSA an stór eolais a bheidh agamsa, a mhamó. Bíodh an ríomhaire faoi réir agat, a mhamó, mar gur air a bheidh orainn roinnt den obair a dhéanamh... Tá míle ceist agam.

Do ghariníon fhiosrach,

Anna